



PREASEISIÚINT Uimh. 159/24

Lucsamburg, 4 Deireadh Fómhair 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-21/23 | Lindenapotheke

RGCS: Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag iomaitheoirí dhéantóir líomhnaithe an tsáraithe ar chosaint sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne an té a líomhnaítear go ndearna sé sárú ar chosaint sonraí pearsanta sa chúirt mar chleachtas tráchtála éagórach toirmisce

Chun táirgí íocshláinte atá forchoimeádta do chógaslanna a dhíol ar líne, ní mór toiliú sainráite a fháil ón gcustaiméir chun a chuid sonraí a phróiseáil, fiú mura bhfuil na táirgí íocshláinte sin faoi réir oidis

Iarrann Cúirt Bhreithiúnais Chónaidhme na Gearmáine, a chaithfidh an díospóid idir beirt chógaiseoirí iomaíocha a réiteach, ar an gCúirt Bhreithiúnais an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a léiriú. Cinneann an Chúirt nach gcuirtear bac le RGCS ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear d'iomaitheoirí dhéantóir líomhnaithe an tsáraithe ar chosaint sonraí pearsanta agóid a dhéanamh i gcoinne an té a líomhnaítear go ndearna sé sárú ar chosaint sonraí pearsanta os comhair na gcúirteanna mar chleachtas tráchtála éagórach toirmisce. Tá a leithéid de leigheas ar fáil d'iomaitheoirí sa bhreis ar chumhachtaí idirghabhála na n-údarás maoirseachta atá freagrach as faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar RGCS agus ar na leigheasanna atá ar fáil d'ábhair sonraí, dá bhforáiltear leis an Rialachán sin.

Ina theannta sin, measann sé gurb ionann faisnéis arna cur isteach ag custaiméirí le linn ordú ar líne na dtáirgí íocshláinte atá forchoimeádta do chógaslanna, fiú i gcás nach bhfuil díol na dtáirgí íocshláinte sin faoi réir oideas liachta, agus sonraí sláinte de réir bhrí RGCS. Dá bhrí sin, ní mór don díoltóir na custaiméirí sin a chur ar an eolas ar bhealach cruinn, iomlán agus sothuigthe faoi shaintréithe agus críocha sonracha phróiseáil na sonraí sin agus a dtoiliú sainráite a iarraidh le haghaidh próiseáil den sórt sin.

Ní mór do Chúirt Bhreithiúnais Chónaidhme na Gearmáine cinneadh a dhéanamh i ndíospóid idir beirt chógaiseoirí Gearmánacha. Ó 2017 i leith, tá an cógaiseoir a bhfuil an chógaslann 'Lindenapotheke' ina sheilbh aige ag margú táirgí íocshláinte ar Amazon a bhfuil a ndíol forchoimeádta do chógaslanna. Ní mór do chustaiméirí roinnt píosaí faisnéise a chur isteach agus na cógais sin á n-ordú acu ar líne.

Ar bhonn rialacha na Gearmáine maidir le cleachtais tráchtála éagóracha, d'iarr cógaiseoir iomaíoch ar chúirt na Gearmáine ordú a thabhairt do shealbhóir Lindenapotheke scor den ghníomhaíocht sin go dtí go ráthófaí go bhféadfadh custaiméirí toiliú roimh ré a thabhairt do phróiseáil sonraí sláinte. Mheas cúirteanna na chéad chéime agus an dara céime gurbh ionann an mhargaíocht sin agus cleachtas éagórach aindleathach, ós rud é go raibh sé contrártha leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ¹. Go deimhin, in éagmais toiliú sainráite ó chustaiméirí a cheannaíonn cógais, bheadh próiseáil sonraí sláinte mar thoradh ar an díolachán toirmisce faoin Rialachán sin.

Fiafraíonn Cúirt Bhreithiúnais Chónaidhme na Gearmáine an gcomhlíontar le reachtaíocht náisiúnta, lena gceadaítear d'iomaitheoir imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne déantóir líomhnaithe sárúithe ar RGCS ar bhonn an

toirmisc ar chleachtais tráchtála éagóracha, an Rialachán sin. Go deimhin, de réir RGCS, is faoi na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta atá sé, i bprionsabal, faireachán a dhéanamh ar an Rialachán sin agus é a fhorfheidhmiú agus is faoi na hábhair sonraí (custaiméirí sa chás seo) atá sé a gcearta a chosaint. Is mian le cúirt na Gearmáine a fháil amach freisin an ionann an fhaisnéis a urghabhadh le linn ceannach ar líne táirgí íocshláinte a bhfuil a ndíol forchoimeádta do chógaslanna agus sonraí a bhaineann le sláinte de réir bhrí RGCS, fiú mura bhfuil na táirgí íocshláinte sin faoi réir oideas liachta. Mar sin, rinne sí iarraidh a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais.

Freagraíonn an Chúirt, sa chéad áit, **nach gcuirtear bac le RGCS ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear**, thar na cearta agus na cumhachtaí a thugtar le RGCS d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta, d'ábhair sonraí agus do chomhlachais a dhéanann ionadaíocht ar na daoine sin, **d'iomaitheoirí** dhéantóir líomhnaithe an tsáraithe ar chosaint sonraí **imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne an té a líomhnaítear go ndearna sé sárú ar chosaint sonraí pearsanta, mar gheall ar sháruithe ar an Rialachán sin, ar bhonn toirmeasc ar chleachtais tráchtála éagóracha**. Os a choinne sin, is cinnte go **rannchuidíonn sé sin le cearta na n-ábhar sonraí a neartú** agus le hardleibhéal cosanta a áirithiú dóibh. In theannta sin, d'fhéadfadh sé sin a bheith **an-éifeachtach**, toisc go **bhféadfadh sé**, dá bharr sin, **líon mór sáruithe ar RGCS a chosc**.

Sa dara háit, measann an Chúirt **gurb ionann faisnéis arna cur isteach ag custaiméirí** (amhail a n-ainm, a seoladh seachadta agus an fhaisnéis is gá chun táirgí íocshláinte a indibhidiúlú) **agus táirgí íocshláinte á n-ordú ar líne atá forchoimeádta do chógaslanna agus sonraí a bhaineann leis an tsláinte de réir bhrí RGCS, fiú i gcás nach bhfuil díol na dtáirgí íocshláinte sin faoi réir oideas liachta**.

Go deimhin, is de chineál iad na sonraí sin chun faisnéis **a nochtadh, trí phróiseas intleachtúil chun iad a cheangail le chéile nó tátal a bhaint astu, faoi staid shláinte duine nádúrtha inaitheanta nó inaitheanta**, toisc go bhfuil nasc bunaithe idir an duine sin agus leigheas, a thásca teiripeacha nó úsáidí a bhaineann leis, cibé an mbaineann an fhaisnéis sin leis an gcustaiméir nó le haon duine eile a ndéanann an custaiméir an t-ordú ina leith. Dá bhrí sin, tá sé neamhábhartha, in éagmais oidis liachta, gur le dóchúlacht áirithe amháin, agus ní le cinnteacht iomlán, atá na cógais sin ceaptha do na custaiméirí a d'ordaigh iad. Bheadh sé **contrártha do chuspóir ardchosaint RGCS idirdhealú a dhéanamh de réir an chineáil táirgí íocshláinte** agus cibé acu atá nó nach bhfuil a ndíol faoi réir oideas liachta. Dá bhrí sin, ní mór don díoltóir na custaiméirí sin a chur ar an eolas ar bhealach cruinn, iomlán agus sothuigte maidir leis na saintréithe sonracha agus na críocha sonracha a bhaineann le próiseáil na sonraí sin agus a iarraidh orthu **a dtoiliú** sainráite a thabhairt don phróiseáil sin.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.